RIALACHÁIN FAOINA dTUGTAR AITHEANTAS DO CHOLÁISTÍ GAEILGE

Eagrán 3
2019

i gcomhar le

An Roinn Cultúir,
Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Clár

Lch

Reamhrá……3

1 Tréimhse tumtha mar chuid de phróiseas Sealbhaithe Teanga……3

2. Foirmeacha Oifigiúla ……**4**

3. Cosaint Sonraí……5

4. Cosaint Leanaí……5

5. Aicmí agus Coláistí …… 7

6. Scoláirí/Mic Léinn in Aicmí A, B, C agus D ……10

7. An Coiste Stiúrtha……10

8. Treoirlínte Cóiríochta sna Coláistí ……13

9. An Ghaeilge……16

10. Eagrú na gCúrsaí……16

11. Clár Ama……19

12. Na Critéir maidir le Fostú Múinteoirí ……21

13. Ardchinnirí……23

14. Cúntóirí Áitiúla ……24

15. An Príomhoide ……24

16. Dúnadh de dheasca cúise do-sheachanta ……27

17. An Nós Imeachta maidir le hAchomharc……27

18. Feidhm an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta……29

19. Comhfhreagras leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta……30

20. Aguisín 1: Foirm iarratais ar aitheantas……31

Réamhrá

Is é an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) a dhéanann Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge a riaradh agus a mhaoiniú. Mar chuid den chúram seo, tá maoirsiú ar na Coláistí Gaeilge atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Mar thaca leis seo, cuirtear na Rialacháin seo ar fáil go bliantúil chun treoir a thabhairt d'údáráis nó do choistí stiúrtha na gColáisti seo maidir leis na freagrachtaí éagsúla atá orthu agus na nithe ar chóir dóibh a chur san áireamh agus na cúrsaí seo á rith acu.

Ní mór do choiste ar bith ar mhaith leis Coláiste Gaeilge a eagrú sa Ghaeltacht faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge iarratas ar aitheantas oifigiúil a dhéanamh chuig an RCOG.

Cuideoidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) leis An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta iarratais ar aitheantas mar Choláiste Gaeilge (seachas iarratais a bhaineann le cúrsaí Aicme A d'ábhar oidí) a mheas agus cáilíocht an tsoláthair sna Coláistí Gaeilge a dhearbhú. Tá ról ar leith ag na hInstitúidí Ardoideachais maidir le cáilíocht an tsoláthair sna Cúrsaí Aicme A (na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht d'ábhar oidí) a dhearbhú. Tá dearbhú cáilíochta na dtréimhsí foghlama sa Ghaeltacht d'iarrthóirí an SCG faoi údarás díreach na nInstitiúidí Ardoideachais chomh maith. Chomh maith leis sin, leanfaidh RCOG le tacú leis na teaghlaigh sa Ghaeltacht a choinníonn na foghlaimeoirí ar iostas.

1. Tréimhse tumtha mar chuid de phróiseas Sealbhaithe Teanga

Aithnítear go forleathan an leas a bhaineann foghlaimeoirí teanga as tréimhse a chaitheamh i suíomh ina bhfuil siad tumtha sa sprioctheanga. I gcás na gColáistí Gaeilge agus foghlaim na Gaeilge, forbraítear agus leathnaítear an méid den teanga a thugann foghlaimeoirí leo chuig an gcoláiste. Mar thoradh ar a n-eispéireas tumtha sa teanga le linn tréimhse i gColáiste Gaeilge, ní hamháin gur níos saoráidí sealbhú na teanga d'fhoghlaimeoirí ach is minic, go dtugann siad faoi fhoghlaim na Gaeilge ar scoil le breis féinmhuiníne, dúthrachta, le dearcadh níos dearfaí agus le tuiscint níos fearr orthu féin mar fhoghlaimeoirí teanga. Go deimhin, i gcás foghlaimeoirí áirithe, is dóchúla dóibh breis deiseanna fós ar labhairt agus úsáid na Gaeilge lasmuigh den gcóras oideachais

foirmeálta a thapú mar thoradh ar an taithí a fhaigheann siad ar an nGaeilge a úsáid mar rannpháirtithe i bpobal teanga an choláiste.

Gach bliain bíonn a dtriall ag breis agus 19,000 duine óg, idir 10 agus 18 mbliana, ar cheann éigin de na Coláistí Gaeilge, atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta éagsúla. Aithníonn an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) an tairbhe a bhaineann le tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht do daoine óga–mar chuid dá n-aistear foghlama teanga. Is ar mhaithe leis an gcéad ghlúin eile de chainteoirí Gaeilge a chumasú sa teanga agus blaiseadh a thabhairt dóibh de shaíocht chultúrtha na Gaeltachta a chuireann RCOG maoiniú áirithe ar fáil do na Coláistí Gaeilge seo mar chuid de Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge.

2. Foirmeacha Oifigiúla

Tá an próiseas iarratais cuíchóirithe anois agus is aon iarratas amháin a sheolann gach coláiste isteach. San fhoirm nua, iarrtar sonraí a chur ar fáil ar bhonn an choláiste, seachas ar bhonn cúrsa, le gur féidir an cinneadh i leith stádais aitheantais an choláiste a dhéanamh in aon bhuille amháin.

Tá sampla den fhoirm iarratais nua a bheidh in úsáid feasta leis seo ag Aguisín 1. Feicfear ón bhfoirm iarratais nua chomh maith go bhfuil leasuithe déanta ar an dearbhú a bheidh á lorg feasta ina gcuirtear i gcuntas mar is cuí go bhfuil an *tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015* i bhfeidhm anois. I gcomhthéacs fheidhm na Ranna chun géilliúlacht faoin Acht a chothú, feicfear go n-iarrtar ar lucht stiúrtha na gColaístí a dhearbhú, inter alia, go bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí acu lena n-áirítear measúnú ar rioscaí – i gcomhréir le forálacha ábhartha an Achta

Maidir le sonraí na n-oidí atá beartaithe a fhostú, iarrfar feasta ar choláistí na sonraí sin a sholáthar uair amháin sa bhfoirm iarratais aonair a úsáidfear as seo amach.

Má dhéantar aon athrú súntasach ar aon eolas atá ábhartha don chúram atá ag an dá Roinn, m.sh. athruithe ar oidí atá le fostú, ba chóir na sonraí cuí a chur in iúl go leictreonach go dtí an seoladh colaistigaeilge@chg.gov.ie.

3. Cosaint Sonraí

Cuireann an RCOG sonraí atá sna hiarratais ó choláistí Gaeilge ar fáil do Chigireacht na ROS ionas gur féidir leis an gCigireacht a ról maidir le dearbhú cáilíochta ar an soláthar oideachasúil ar chúrsaí de chuid na gColáistí Gaeilge a chomhlíonadh.

Nuair a bheidh na sonraí a chuireann an Chigireacht ar fáil á n-úsáid, cloífidh an RCOG, i gcónaí, le riachtanais an Achta um Chosaint Sonraí, 1998. Nuair a bheidh na sonraí a chuireann an RCOG ar fáil don Chigireacht á n-úsáid, cloífidh Cigireacht na ROS, i gcónaí, le hAlt 53 den Acht Oideachais, 1998 agus le riachtanais an Achta um Chosaint Sonraí, 1998.

Mar chuid de na meastóireachtaí ar chúrsaí atá á soláthar ag coláistí Gaeilge, déanfaidh an Chigireacht cáilíocht ar ghnéithe den soláthar oideachais, sna cúrsaí a ndéanfar meastóireacht orthu gach bliain, a thaifeadadh. Bainfear úsáid as na sonraí sin mar bhonn eolais don tuairisc a éiríonn as an meastóireacht a dhéanfar ar gach cúrsa agus chun tuairisciú ar cháilíocht an tsoláthair sna coláistí seo i gcoitinne. Beidh fáil go poiblí ar na tuairiscí a eascraíonn ó mheastóireachtaí na Cigireachta ar www.education.ie. Ní roinnfear na sonraí bunúsacha leis an RCOG ná le haon ghníomhaireacht eile lasmuigh den ROS.

4. Cosaint Leanaí

Tá roinnt céimeanna glactha ag an RCOG agus ag an ROS – le feidhm ó shamhradh 2019 – chun géilliúlacht in earnáil na gColáistí Gaeilge – mar a bhaineann leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, a chothú tuilleadh. Chuige sin, ii gcomhar le TUSLA, tá teimpléad curtha i dtoll a chéile chun cabhrú le Coláistí Gaeilge a gcuid dualgas i ndáil leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 a chomhlíonadh. Tá cóip den teimpléad seo seolta chuig údaráis gach ceann de na Coláistí agus beidh cóip de ar fáil le híoslódáil ar shuíomh RCOG.

Mar chuid dá n-iarratas bliantúil ar aitheantas feasta, iarrfar ar gach ceann de na coláistí a dheimhniú i scríbhinn go bhfuil siad comhlíontach leis na dualgais reachtúla i ndáil le cosaint leanaí agus sábháilteacht ó dhóiteán. Maidir le cosaint leanaí go háirithe, ní mór d'údaráis an choláiste, an méid seo a leanas a dheimhniú don Roinn feasta:

- go bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí (RCL) i bhfeidhm, de réir na bhforálacha cuí de Chuid II den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 (Uimhir 36 de 2015) agus nasc a chur ar fáil chuig an áit ar an suíomh idirlín ina bhféadtar teacht ar an ráiteas;
- go léirítear an RCL in áit fheiceálach;
- go gcuirtear an RCL ar fáil don fhoireann uile;
- go gcuirtear an RCL ar fáil do thuismitheoirí, daoine óga, an pobal i gcoitinne agus Tusla, ach iarratas a dhéanamh, agus go bhfuil nós imeachta i bhfeidhm chun é seo a éascú;
- go bhfuil na nósanna imeachta uile atá sonraithe sa RCL agus sa Mheasúnú Riosca, curtha ar bun agus i bhfeidhm agus bhfuil siad ar fáil ach iad a iarraidh;
- go ndéanfar an RCL seo a athbhreithniú gach dara bliain, nó chomh praiticiúil agus is féidir nuair a bhíonn athrú ábhartha i gceist i ndáil le haon rud dá dtagraíonn an ráiteas;
- go bhfuil an coláiste comhlíontach leis na forálacha cuí de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016; agus
- mar aitheantas do ról agus dualgais shonracha na dteaghlach, go gcinntíonn údaráis an choláiste go bhfuil gach ceann de na teaghlaigh atá fostaithe ag an gcoláiste, comhlíontach leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí atá ullmhaithe agus curtha i bhfeidhm ag údaráis an choláiste.

D'fhonn tuilleadh cothaithe agus éascaithe a dhéanamh ar an gcomhlíontacht, beidh an seicliosta seo a leanas atá comhaontaithe idir an dá Roinn, in sna seiceanna géilliúlachta a dhéanfaidh cigirí na ROS mar chuid den meastóireacht ar an soláthar oideasúil sna coláistí ar a dtabharfar cuairt:

- go léirítear go soiléir, gar don phríomhbhealach isteach chuig gach ceann de na foirgnimh in úsáid ag an gcoláiste, ainmneacha an Teagmhálaí Ainmnithe agus an Teagmhálaí Ainmnithe Tánaisteach;
- go ndaingníonn an Coiste Stiúrtha Ráiteas um Chosaint Leanaí an Choláiste Gaeilge agus go n-áirítear ann athbhreithniú gach dara bliain, nó nuair a bhíonn athrú ábhartha i gceist;
- go bhfuil Ráiteas Chosaint Leanaí an choláiste léite ag na múinteoirí uile agus go bhfuil siad ar an eolas faoina gcuid freagrachtaí mar dhaoine sainordaithe;
- go bhfuil an t-eolas uile curtha ar fáil ag an gCoiste Stiúrtha d'fhoireann an choláiste uile maidir le nósanna imeachta an choláiste i ndáil le Cosaint Leanaí;
- go gcinntíonn an Coláiste Gaeilge, i soláthar a chláir foghlama, go ndéantar foráil chun leas gach scoláire a chur chun cinn; agus
- go gcoinnítear na taifid um Chosaint Leanaí in áit shábháilte.

5. Aicmí agus Coláistí

(a) Aicmí

Aicme A Is ionann Aicme A agus an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht do lucht léinn na nInstitiúidí Ardoideachais[1], d'Oidí Bunscoile, d'oidí a oileadh thar lear, agus do dhaoine atá inaitheanta mar Oidí Bunscoile. Baineann Aicme A freisin leis na tréimhsí foghlama sa Ghaeltacht a eagraítear do mhúinteoirí bunscoile atá ag críochnú na trialach inniúlachta SCG (An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge) nó tréimhse oiriúnaithe OCG (Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge), chun a gcuid coinníollacha clárúcháin i leith na Comhairle Múinteoireachta a chomhlíonadh ó thaobh na Gaeilge de.

Aicme B Daoine óga atá 18 mbliana d'aois ar a laghad. Beifear ag súil go n-oirfeadh cúrsa le haghaidh na haicme seo do dhaoine mar státseirbhísigh, lucht léinn ollscoile, aos gairme (dochtúirí, dlíodóirí, ailtirí agus araile), comhaltaí de na Fórsaí Cosanta, comhaltaí den Gharda Síochána agus daoine eile mar iad.

Aicme C Is ar dhaoine óga atá idir 10 agus 19 mbliana d'aois ar 1 Iúil de bhliain an chúrsa sna Coláistí atá na cúrsaí seo dírithe. Téann an t-eispéireas tumtha chun leasa na bhfoghlaimeoirí uile, beag beann ar a leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge. Déantar freastal ar fhoghlaimeoirí atá ag gach leibhéal cumais trí dhifreáil a dhéanamh ar chlár foghlama teanga an Choláiste Gaeilge.

Aicme D Féadfar aitheantas a thabhairt do ghearrchúrsaí a dhéanfaidh freastal ar oiliúint Ardchinnirí. Beidh na hArdchinnirí os cionn 18 mbliana d'aois ar 1 Iúil de bhliain an chúrsa, nó beidh siad os cionn 17 mbliana d'aois agus beidh scrúdú na hArdteistiméireachta déanta acu faoin **dáta** céanna. Glacfar le cúrsa oiriúnach deireadh seachtaine**.** Is é líon na scoláirí/mac léinn a cheadófar ar aon chúrsa oiliúna amháin ná **40** scoláire/mac léinn ar a mhéid. I gcás coláistí an-mhór,

[1] In 2012 thug an Chomhairle Mhúinteoireachta faomhadh do thuarascáil an ghrúpa oibre ar an *Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht*, a leagann amach sraith athruithe maidir leis an tréimhse a chaitear sa Ghaeltacht, mar a dhéanann múinteoirí (bunscoile) faoi oiliúint. Tá cóip den tuarascáil sin ar fáil ag: http://www.teachingcouncil.ie
Tar éis í a bheith glactha ag an gComhairle, tá an tuarascáil ceangailte mar Aguisín le doiciméad na Comhairle: *Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár (2011).*

áfach, ina raibh **1000** scoláire/mac léinn nó níos mó ná sin ar na cúrsaí samhraidh an bhliain roimhe sin, beidh an Roinn sásta an t-uaslíon a mhéadú de réir duine in aghaidh gach 25 de rollachán os cionn an 1000.

(b) **Áit Chónaithe i rith na gCúrsaí**

Is gá go mbeadh cónaí ar scoláirí agus ar mhic léinn sa Ghaeltacht i rith na gcúrsaí sa Ghaeltacht.

(c) **Cúrsaí Aicme A**

Reachtáiltear na cúrsaí Aicme A do mhic léinn mhúinteoireachta atá ag freastal ar chúrsaí réamhsheirbhíse oideachais. Ní foláir do na mic léinn mhúinteoireachta/réamhsheirbhíse uile in Institiúidí Ardoideachais freastal ar **dhá chúrsa coicíse – tréimhse cheithre seachtaine ar an iomlán** sa Ghaeltacht. Caithfear a thuiscint gur páirt *éigeantach* den chúrsa réamhsheirbhíse oiliúna don mhúinteoireacht é seo. Tá sé riachtanach go mbeadh na mic léinn i láthair do thréimhse iomlán na gcúrsaí .i. dhá bhloc de 13 lá agus 14 oíche. Is é sin 26 lá agus 28 oíche ar an iomlán. Ní foláir a dheimhniú, dá bhrí sin, go gcaithfidh gach mac léinn múinteoireachta an tréimhse cheithre seachtaine ina hiomláine sa Ghaeltacht, na tréimhsí deireadh seachtaine san áireamh agus iad ag fanacht i dtithe lóistín atá aitheanta ag An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid i gcónaí mar theanga teaghlaigh.

Mac léinn ar bith nach gcomhlíonann na rialacha ó thaobh freastal ar an dá chúrsa coicíse sa Ghaeltacht, caithfidh sé/sí filleadh ar an nGaeltacht ar feadh tréimhse eile, chun coinníollacha a (h)oiliúna mar mhúinteoir bunscoile a chomhlíonadh.

(d) **Marcáil na Rollaí**

Cuirfear Foirm Oifigiúil Rollaí amach ach iarratas a fháil ón gCoiste Stiúrtha. Mura gcláraítear tinrimh de réir na dtreoracha a thugtar ar an rolla, ní áireofar na tinrimh sin mar thinrimh atá bailí agus éifeachtach.

Cé go mbeadh sé inmhianaithe go mbeadh ollrolla coláiste de réir oird agus aibítre ag údaráis an choláiste, ní foláir na scoláirí/mic léinn a bheith cláraithe ar Rolla na RCOG, de réir na ranganna ina bhfuil siad lonnaithe nó de réir an institiúid ardoideachais ina bhfuil siad cláraithe.

Ní mór an tinreamh ar gach seisiún (maidin agus iarnóin) a mharcáil go cruinn de réir na dtreoracha a leagtar amach ar bhrollach an leabhair rolla (Rolla Tinrimh).

Is ceart neamhláithreachtaí a mharcáil go tráthúil ag baint feidhme chuige sin as an gcód a mhínítear sa leabhar rollaí. Ní foláir d'údaráis an choláiste a chinntiú go bhfuil an líon mac léinn i láthair in aon rang ag teacht leis an líon mac léinn atá cláraithe ar na rollaí. Ní mór na hiomláin agus na fo-iomláin a lorgaítear i ngach leabhar rollaí a áireamh agus a bhreacadh isteach ag deireadh an chúrsa.

Iarrtar ar an gColáiste leabhar rollaí ar leith a úsáid le haghaidh na nArdchinnirí ar chúrsa samhraidh agus a dtinreamh a mharcáil go tráthúil. Beidh aitheantas an choláiste ag brath ar an riail seo a bheith curtha i bhfeidhm go sásúil.

I gcás Choláistí Aicme A d'ábhar oidí, ba chóir don bhainistíocht cóipeanna crua (agus cóipeanna leictreonacha más féidir) de na rollaí a chur ar aghaidh ag deireadh gach cúrsa chuig na hInstitiúidí Ardoideachais cuí le tinreamh na mac léinn a dheimhniú.

Ní mór don fhoireann teagaisc i ngach Coláiste Gaeilge ábhar agus príomhthéamaí na gceachtanna a chlárú go laethúil ar an leathanach cuí sna rollaí. Ba cheart go mbeadh na sonraí seo ag teacht lena bhfuil i gClár Foghlama Teanga an Choláiste Gaeilge (*féach Mír 8*).

(e) Seisiúin

(i) I gcás Aicme A d'ábhar oidí, is é an t-íoslíon uaireanta an chloig ná 35 sa tseachtain, le 20 uair an chloig tugtha do ranganna teanga foirmiúla.

Is é seo an t-íoslíon seisiún is gá a chur ar fáil ar chúrsa Aicmí B agus C:

Fad an chúrsa	Íoslíon seisiún
1 seachtain	13
2 seachtain	26
3 seachtain	38

I gcás Aicme D, is ceadmhach cúrsa a eagrú thar cheithre nó chúig lá nó i gcásanna áirithe thar dheireadh seachtaine más gá agus ní mór íoslíon de 12 seisiún a chur ar fáil le linn an chúrsa sin.

(ii) Ní cheadaítear seisiún a áireamh don lá teachta ná don lá imeachta.

(iii) Is féidir lá saoire eaglaise nó poiblí a thitfidh le linn tréimhse chúrsa a áireamh má reachtáiltear ranganna maidine agus imeachtaí eagraithe iarnóna.

(iv) Is féidir dhá sheisiún a áireamh don Satharn ach ranganna maidine agus imeachtaí eagraithe iarnóna a bheith ann.

Tabharfar aitheantas do sheisiún amháin ar an Domhnach i rith na gcúrsaí Samhraidh do na Coláistí úd ar mian leo imeachtaí eagraithe a chur ar fáil. Ní ranganna foirmiúla a bheidh i gceist ach imeachtaí taitneamhacha mar thuras i gceantar an Choláiste nó thart ar an nGaeltacht, cluichí (laistigh agus lasmuigh), céilí, claisceadal agus araile. Caithfear deimhin a dhéanamh de i leagan amach an tseisiúin seo nach gcuirfear isteach ar chuairteanna na dtuismitheoirí ar a gcuid páistí. Caithfear solúbthacht a cheadú i gcás tráthanna an tseisiúin - d'oirfeadh maidin an Domhnaigh do Choláistí áirithe, ach b'fhéidir go n-oirfeadh an tráthnóna nó an oíche níos fearr do Choláistí eile. Glactar leis, ar ndóigh, go mbeidh Coláistí áirithe ann nach dteastóidh uathu seisiún a chur ar fáil ar an Domhnach. Ceadófar seisiún amháin ar an Domhnach i leith na gcúrsaí a reachtáiltear um Cháisc faoi réir na gcoinníollacha céanna.

6. Scoláirí/Mic Léinn in Aicmí A, B, C agus D

(a) Ní cheadaítear do scoláirí Aicme B freastal ar ranganna Aicme A.

(b) Ní cheadaítear do scoláirí Aicme C freastal ar ranganna Aicme A nó Aicme B.

(c) Ní cheadaítear do mhic léinn Aicme A freastal ar ranganna Aicme B, C, nó D

7. An Coiste Stiúrtha

(a) Caithfear Coiste Stiúrtha ar a mbeidh triúr ball ar a laghad a bhunú i ngach Coláiste. Beidh sé mar chúram ar an gCoiste Stiúrtha:

(i) na cúrsaí a eagrú agus a riar agus maoirseacht a dhéanamh orthu;
(ii) na hoidí agus na hardchinnirí a fhostú;

(iii) teaghlaigh sa Ghaeltacht atá aitheanta ag An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a earcú le cóiríocht chuí a chur ar fáil do na scoláirí/mic léinn. Ní mór do bhaill an choiste teagmháil rialta a bheith acu le himeachtaí éagsúla na gcúrsaí.

(b) Caithfear ar a laghad dhá chruinniú in aghaidh na bliana a bheith ag gach Coiste Stiúrtha.

(c) Ní mór don choiste deimhin a dhéanamh de, freisin, go ndéantar cúram ar leith de shábháilteacht na scoláirí/mac léinn i rith an chúrsa ina iomláine, go háirithe ar na bóithre, ar líne i gcás rochtain ar an idirlíon, sna tithe lóistín, le linn imeachtaí eagraithe, ar na láithreáin imeartha agus ag cleachtadh snámha san fharraige nó sa linn snámha.

Ní mór, freisin, **polasaí scríofa a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun mí-úsáid páistí, bulaíocht agus iompar frithshóisialta eile a chosc.**

Caithfear **ráiteas sláinte agus sábháilteachta** a bheith i scríbhinn agus ní mór **oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta a ainmniú agus a chlárú** i bplean an choláiste. Caithfidh cóip den ráiteas seo a bheith ar fáil do chigirí agus d'ionadaithe eile na Roinne.

Mar atá sonraithe i mír a 2, ní folair don choláiste dearbhú a chur ar fáil go bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí i bhfeidhm, de réir fhorálacha ábhartha CHUID II den *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015* (Uimh. 36 de 2015) agus go bhfuil siad ag cloí le forálacha ábhartha uile na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016.

Ina theannta sin agus ag féachaint don ról agus do na dualgais shonracha atá ar mhná tí, beidh ar údarás an choláiste iarraidh ar gach bean tí atá fostaithe acu a dhearbhú go gcomhlionfaidh siad an Ráiteas um Chosaint Leanaí atá ullmhaithe agus curtha i bhfeidhm ag údarás an choláiste.

(d) Ní mór do Choiste Stiúrtha gach coláiste cód iompair scoláirí/mac léinn a chur ar fáil i bhfoirm scríofa. Ba chóir go gcuirfí scoláirí/mic léinn agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí/neasghaol nó an Institiúid Ardoideachais, de réir mar is cuí, ar an eolas faoina bhfuil leagtha síos sa chód iompair agus é a bheith ar fáil le hiniúchadh sa choláiste. Más gá foghlaimeoir(í) a chur abhaile roimh dheireadh cúrsa de bharr drochiompair, sárú riail na Gaeilge nó ar chúis ar bith eile, ba cheart an cinneadh i ngach cás a chur in iúl le daonnacht agus le tuiscint don scoláire/mhac léinn agus dá

t(h)uistí/c(h)aomhnóirí/neasghaol, nó don Institiúid Ardoideachais, de réir mar is cuí. Ba cheart nós imeachta soiléir a leagan síos sa chód iompair chuige seo, ionas go mbeadh beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste páirteach i ngach cinneadh dá leithéid agus go mbeadh deis cheart ag an scoláire/mac léinn a t(h)aobh féin den scéal a chur i láthair sula ndéanfaí an cinneadh.

(e) Ar mhaithe le hoscailteacht agus cothrom na féinne a chinntiú, ba cheart go mbeadh nós imeachta maidir le hachomharc mar chuid den chód iompair agus é a bheith i scríbhinn. Mar chuid den nós imeachta sin, rachfar i gcomhairle le tuiste/caomhnóir an scoláire nó le ceann roinne cuí na hInstitiúide Ardoideachais lena mbaineann (nó a chomhionann), de réir mar is cuí, roimh ré agus tabharfar deis don scoláire/mhac léinn labhairt lena t(h)uiste/c(h)aomhnóir sula ndéanfar cinneadh scoláire/mac léinn a dhíbirt ó choláiste Gaeilge. (Féach mír 15)

I ngach cás ina gcuirtear scoláire/ mac léinn abhaile de bharr sárú rialacha, ní mór don choláiste tuairisc chuimsitheach a chur ar fáil don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ina leith.

(f) Ní foláir go mbeidh árachas dliteanais phoiblí chun éilimh suas le milliún euro a sheasamh i leith na n-ionad go léir ina ndéantar a chúrsaí a reáchtáil ag gach Coláiste.

Beidh clásail sa pholasaí árachais sin ina ndearbhófar go ndéanfaidh an coláiste, a eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus An Roinn Oideachais agus Scileanna a seirbhísigh agus a gníomhairí a shlánú agus a choimeád slán in aghaidh an uile ghnímh, chostais, éilimh agus dhamáiste a éireoidh as aon úsáid a bhainfear as na hionaid sin nó as aon imeachtaí teagmhasacha a bhainfidh le cúrsa a eagróidh an coláiste, a eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh.

Caithfear cóip den pholasaí árachais reatha a sheoladh chuig RCOG in éineacht leis an bhfoirm iarratais C.G(a) mar eolas. Sa chás nach gcuirtear cóip den pholasaí árachais reatha chun na Roinne in éineacht leis an bhfoirm iarratais C.G(a), ní thabharfar aitheantas don chúrsa a bheidh i gceist.

8. Treoirlínte Cóiríochta sna Coláistí

Is é cuspóir na dTreoirlínte seo ná cúnamh a thabhairt do na Coistí Stiúrtha, a bhfuil sé mar chúram orthu na cúrsaí a eagrú agus a riar, a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le cóiríocht chaighdeánach a bheith ar fáil do na scoláirí fad is a bheidh siad rannpháirteach in imeachtaí an Choláiste. Ba chóir go mbeadh na rudaí seo san áireamh san íoschaighdeán atá molta do na háiseanna atá i gceist.

(a) Caithfidh an Coiste Stiúrtha deimhin a dhéanamh de go bhfuil cóiríocht oiriúnach ar fáil do na scoláirí/mic léinn, mar shampla, seomraí ranga, leithris, áiseanna oiriúnacha teagaisc, cóiríocht oiriúnach do chéilithe agus araile, agus fós, deimhin a dhéanamh de go bhfuil cúram ceart á dhéanamh de chúrsaí sláinteachais agus glaineachta. Is ceart na ranganna uile a bheith in aon láithreán amháin, chomh fada agus is féidir.

(b) Ní cheadófar ach aon rang amháin a bheith i seomra amháin.

- Ba chóir go mbeadh na seomraí ranga ar fad compordach le dóthain spáis, teasa agus solais nádúrtha.
- Ba chóir deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas teasa feistithe agus ag feidhmiú sa chás go mbíonn an aimsir fuar nó fliuch.
- Ba chóir go mbeadh gach seomra saor ó thorann agus macalla a d'fheadfadh cur isteach ar na ranganna.
- Ba chóir go mbeadh dóthain seomraí ranga ar fáil gan dul i muinín ranganna a chur ar siúl i hallaí móra.
- Moltar, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, gan dul thar an uaslíon de chúigear is fiche scoláire/mac léinn i rang ar bith. Is é tríocha an líon scoláirí/mac léinn is mó a cheadófar in aon rang.
- Is é 25 an líon scoláire/mac léinn is mó a cheadófar in aon rang ar chúrsa Aicme A.
- Beidh 0.85 méadar cearnach spáis, ar a laghad, ar fáil do gach scoláire sa seomra ranga.
- Nuair a bheidh seomra ranga á thomhais ní thomhaisfear ach an chuid sin ar féidir í a úsáid mar sheomra ranga. Más cruth "L" atá ar sheomra, mar shampla, tá an baol ann

nach mbeidh scoláirí ábalta an múinteoir agus clár a fheiceáil ó phíosa den seomra sin. I gcásanna mar sin, fágfar an píosa sin den seomra as an tomhas.

- Ní áireofar aon chuid de sheomra nach bhfuil os cionn 1.5m ar airde sa tomhas (eg. má tá síleáil claonta sa seomra).
- Ní áireofar aon seomra atá níos lú ná 10 méadar cearnach mar sheomra ranga. Is féidir seomra atá níos lú ná 10 méadar cearnach a úsáid sa chás go mbeadh 5 scoláire nó níos lú sa seomra agus 0.85 méadar cearnach, ar a laghad, ar fáil do gach scoláire.
- Caithfear, i gcónaí, tús áite a thabhairt d'aon uasmhéid a bheadh luaite do sheomra san iarratas ar theastas sábháilteachta dóiteáin don fhoirgneamh má tá a leithéid ann. Is ar na coláistí féin atá an fhreagracht iad féin a shásamh faoi na huimhreacha atá ceadaithe agus is féidir an t-eolas sin a fháil ó na húdaráis dóiteáin. Bíonn gach duine atá sa seomra idir scoláirí, mhúinteoirí agus ardchinnirí san áireamh sna huimhreacha atá luaite ar iarratas ar theastas dóiteáin. Ní féidir aitheantas a thabhairt d'aon choláiste a sháraíonn na rialacha sin.

(c) Leithris agus saoráidí sláintíochta

- Ní mór íosmhéid leithreas amháin, ar a laghad, a bheith ar fáil do gach 30 scoláirí a bheas ag freastal ar an gcoláiste.
- I gcás leithris do bhuachaillí is féidir úirinéal a chuntas mar leithreas (WC) ach caithfidh ar a laghad leithreas amháin a bheith ar fáil agus ní ghlacfar le coibhneas de os cionn 2 úirinéal do gach leithreas.
- Ní mór leithreas faoi leith a bheith ar fáil do mhúinteoirí agus daoine fásta eile agus is féidir glacadh le leithreas do dhaoine faoi mhíchumas chun na críche sin.
- Ní ghlacfar le hionaid nach bhfuil uisce te agus fuar ar fáil iontu. Is ar na coláistí féin atá an fhreagracht deimhin a dhéanamh de go bhfuil áiseanna oiriúnacha acu don líon foghlaimeoirí a earcaíonn siad.

(d) Murar féidir i gcás Coláiste ar bith na ranganna uile a bheith in aon láithreán amháin, ba chóir don Choiste Stiúrtha ranna a dhéanamh den Choláiste, oide a bheith freagrach faoin bPríomhoide i ngach roinn díobh agus an t-eolas a chur ar fáil go leictreonach don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Gaeltachta ***mí ar a laghad roimh ré.***

(e) Is ar na coláistí féin atá an fhreagracht iad féin a shásamh faoi na huimhreacha atá ceadaithe agus is féidir an t-eolas sin a fháil ó na húdaráis dóiteáin. Bíonn gach duine atá sa seomra idir scoláirí, mhúinteoirí agus ardchinnirí san áireamh sna huimhreacha atá luaite ar iarratas ar theastas dóiteáin. Ní féidir aitheantas a thabhairt d'aon choláiste a sháraíonn na rialacha sin.

(f) Caithfidh an Coiste Stiúrtha duine de na hoidí atá fostaithe a ainmniú mar phríomhoide ar gach cúrsa. Sa chás nach n-ainmnítear oide mar phríomhoide ar gach cúrsa, nó nach bhfuil an t-oide a ainmnítear láncháilithe mar phríomhoide, ní thabharfar aitheantas don chúrsa.

(g) Ní ceart níos mó ná an líon scoláirí/mac léinn a bhfuil cóiríocht chuí ann dóibh (idir sheomraí, leapacha agus leithris) a bheith ar lóistín i dteach nó in ionad cónaithe ar bith. Caithfear cóiríocht chuí a sholáthar do scoláirí/mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu, mar shampla scoláirí/mic léinn ag baint feidhme as cathaoir rotha.

(h) Ó thaobh sábháilteachta agus cosaint leanaí de, ba cheart go gcuirfí seomra ar leith ar fáil do chúntóirí/ardchinnirí atá ós cionn 18 mbliana déag d'aois.

(i) Ní mór don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a bheith sásta le caighdeán na cóiríochta do na ranganna. Glacfaidh an Roinn le Teastas sínithe ag Innealtóir cáilithe ag deimhniú go bhfuil an chóiríocht shainithe, a bheidh in úsáid ag an gColáiste le haghaidh ranganna agus imeachtaí eile an Choláiste, ag cloí go substaintiúil leis na treoirlínte atá sonraithe sna *Rialacháin faoin a dTugtar Aitheantas do Choláistí Gaeilge*. Sa chás nach bhfuil an dearbhú sin ar fáil, is féidir nach dtabharfar aitheantas d'aon chúrsa eile sa choláiste sin go dtí go mbeidh an Roinn sásta go bhfuil an chóiríocht oiriúnach. Ní mór do choiste stiúrtha an choláiste aird a thabhairt ar na moltaí i leith na cóiríochta mar atá sonraithe i dtuairisc de chuid na nInstitiúidí Ardoideachais, nó i dtuairisc an chigire de chuid na ROS nó na RCOG, nó sa dá / trí thuairisc, agus na moltaí sin a chur i bhfeidhm. Iarrtar ar an gCoiste Stiúrtha na céimeanna atá glactha chun na moltaí a chur i bhfeidhm a shonrú san fhoirm iarratais. Sa chás go ndéantar neamhshuim de mholtaí i leith na cóiríochta, ní thabharfar aitheantas don choláiste don bhliain dár gcionn.

(j) Ní cheadaítear coláiste nua nó fo-ionad nua a bhunú gan faomhadh na Roinne Cúltúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Sa dá chás seo, caithfidh an Coiste Stiúrtha na sonraí riachtanacha a chur ar fáil don Roinn **sé mhí ar a laghad roimh thosach na gcúrsaí.**

(k) Ní bheidh An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta sásta aitheantas a thabhairt do bhunú Coláiste Gaeilge nua má fheictear di go bhfuil freastal cuí á dhéanamh ar an gceantar sin cheana féin.

(l) Ní thabharfar aitheantas do chúrsa muna mbíonn ar a laghad dáréag scoláire/mac léinn ar na rollaí, seachas cúrsaí Aicme A.

9. An Ghaeilge

(a) Ba chóir don Phríomhoide agus don fhoireann teagaisc deimhin a dhéanamh de gurb í an Ghaeilge teanga chaidrimh an chúrsa, agus seifteanna a cheapadh a chinnteoidh go mbíonn an Ghaeilge á húsáid i gcónaí ag na scoláirí/mic léinn le linn an chúrsa, sa seomra ranga, taobh amuigh de agus sna tithe lóistín. Ba chóir d'údaráis an Choláiste iad féin a shásamh go mbíonn an Ghaeilge in úsáid i gcónaí mar theanga teaghlaigh sna tithe lóistín a earcaíonn an Coláiste do na scoláirí/mic léinn sa Ghaeltacht. Ba chóir d'údaráis an choláiste a chinntiú go ndéantar gnó an choláiste ar fad trí Ghaeilge chomh fada agus is féidir i.e. i gcomhfhreagras, ar cháipéisí, foirmeacha iarratais, fógraí, fiosrúcháin ó bhéal chomh maith lena chinntiú go dtugtar tús áite don Ghaeilge ar shuíomhanna gréasáin, más ann dóibh.

(b) I gcás chúrsaí Aicme B, C agus D, níor chóir scoláirí a ghlacadh ar aon chúrsa ach amháin scoláirí a bhfuil oiread Gaeilge acu is a chuirfidh ar a gcumas tairbhe shásúil a bhaint as an gcúrsa.

10. Eagrú na gCúrsaí

(a) Ceapadh Oidí

Caithfidh Coiste Stiúrtha an Choláiste oidí a chomhlíonann na crítéir, a leagtar amach i mír 10 thíos, a cheapadh.

Ba cheart oidí a fhostú in aghaidh gach cúigear is fiche scoláire/mac léinn a bheidh ar an gcúrsa. Ba cheart duine de na hoidí seo, a bhfuil taithí aige/aici ar obair cheannasaíochta, a ainmniú mar phríomhoide.

Moltar, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, gan dul thar an uaslíon de chúigear is fiche scoláire/mac léinn i rang ar bith. Is é tríocha an líon scoláire/mac léinn is mó a cheadófar in aon rang ar chúrsa Aicme C. **Is é 25 an líon scoláirí/mac léinn is mó a cheadófar in aon rang ar chúrsa Aicme A.**

Má fhostaíonn an Coláiste Gaeilge oidí nach gcomhlíonann na critéir atá leagtha amach i mír 10 thíos, beidh sé de cheart ag an Roinn aitheantas don chúrsa a dhiúltú agus gan íocaíocht a dhéanamh.

Caithfidh gach ball den fhoireann teagaisc seirbhís leanúnach a thabhairt ó lá tosaithe an chúrsa. Ní cheadófar ionadaí a cheapadh ach amháin i gcás eisceachtúil (tinneas oide, mar shampla), agus caithfidh an t-ionadaí a bheith cáilithe go cuí de réir na gcoinníollacha atá luaite i Mír 10.

(b) Cruthú Rang-Ghrúpaí

Ba chóir rang-ghrúpaí a chruthú bunaithe ar na haoisghrúpaí lena mbaineann na scoláirí. Ina theannta seo, ba chóir na socruithe cuí a chur i bhfeidhm le go ndéanfar freastal ar riachtanais idirdhealaithe teanga na bhfoghlaimeoirí uile taobh istigh de na rang-ghrúpaí féin.

(c) Plean an Phríomhoide

Beifear ag súil leis go mbeidh **Plean an Phríomhoide**, ina dtugtar léargas cuimsitheach ar gach a bhfuil ar siúl chun eispéireas tumtha ar ardchaighdeán a chur ar fáil do scoláirí, réitithe do gach cúrsa. Ba cheart go n-áireofaí sa phlean seo na polasaithe dlite agus na foirmeacha féin-dearbhúcháin chomh maith le cuntas ar nithe ar nós straitéisí le húsáid na Gaeilge a spreagadh, turais agus imeachtaí, bearta i leith oiliúint foirne, soláthar ranganna na maidine, gníomhaíochtaí ag éirí as moltaí ó mheastóireachtaí de chuid Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna chomh maith le haon chaipéisí ábhartha eile. Moltar go mbeadh sé le haithint ón bplean gur cáipéis bheo í atá treoraithe ag bunphrionasabail teagaisc an Choláiste Gaeilge agus a leasaítear go tráthrialta ag brath ar na riachtanais a thagann chun solais le linn an chúrsa.

(d) Clár Foghlama Teanga

Ba cheart go mbeadh **Clár Foghlama Teanga** dá chuid féin ag gach Coláiste, ina sonraítear go soiléir a bhfuil beartaithe chun inniúlacht Ghaeilge scoláirí a thabhairt chun cinn thar thréimhse an chúrsa. Tá sé de shaoirse ag gach Coláiste pé leagan amach is mian leo a chur ar an gClár Foghlama Teanga ar mhaithe lena chinntiú go bhfanann siad dílis dá bhfealsúnachtaí teagaisc féin ach, beifear ag súil leis go mbeidh léargas soiléir sa chlár ar na bunphrionsabail a threoraíonn an obair ranga agus ar na cleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá á gcur chun cinn ann.

B'inmhianta an ní dá mbeadh cuntas ar an gcaoi a chuirfear an clár seo i bhfeidhm mar cheann de na míreanna i bplean an phríomhoide. Glactar leis go mbeidh na céimeanna cuí tógtha ag an gCoiste Stiúrtha, mar chuid dá chlár um fhorbairt ghairmiúil d'oidí, lena chinntiú go bhfuil na hoidí uile lánoilte sna modheolaíochtaí atá á gcur chun cinn sa chlár foghlama teanga (m.sh. ceardlanna oiliúna, clár meantóireachta) ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh an teagasc agus an fhoghlaim i ranganna na maidne ar ardchaighdeán.

(e) Pleanáil Oidí Aonair

Beifear ag súil leis go dtabharfaidh na hoidí uile faoin bpleanáil ghearrthréimhseach chuí agus moltar go mbeadh cur chuige comónta thar an gColáiste ina leith seo. Moltar go bhfeidhmeodh Clár Foghlama Teanga an Choláiste <u>mar bhunús</u> agus a bplean aonair á fhorbairt ag oidí aonair. Beifear ag súil leis gur plean beo a bheidh i bplean an oide féin ina bhfuil ábhar na gceachtanna aonair á gcur in oiriúint do réimsí spéise agus riachtanais fhoghlama a scoláirí. Ba chóir úire a bheith in ábhar na gceachtanna agus ba cheart béim a leagan ar mhodhanna cumarsáideacha. Is cuid de dhualgais an phríomhoide é a chinntiú go bhfuil an t-ullmhúchán cuí á dhéanamh do cheachtanna na maidine chomh maith le gníomhú in aon chás ina n-aithníonn sé/sí bearnaí i gcáilíocht na hoibre seo.

(f) Pleanáil don Fheabhsúchán agus Dearbhú Cáilíochta

Ar mhaithe le caighdeán an tsoláthair a fheabhsú ó chúrsa go cúrsa, ba chóir go mbeadh an fhéinmheastóireacht, ag leibhéal an Choláiste uile agus ag leibhéal an oide aonair, lárnach sna próisis phleanála uile agus go háirithe i gcás cur i bhfeidhm an chláir foghlama teanga.

Déanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i líon áirithe cúrsaí gach bliain. Tabharfar léargas ar na príomhchinntí agus príomh-mholtaí a éiríonn as na meastóireachtaí seo i dtuairiscí a fhoilseofar ar www.education.ie agus ar www.chg.gov.ie. Beifear ag súil leis go ngníomhóidh na Coistí Stiúrtha i leith moltaí na tuairisce agus lorgofar trácht ar an dul chun cinn atá déanta sna Foirmeacha Iarratais. D'fhéadfadh leis, blianta áirithe, go mbeartódh an Príomhchigire ar thuairisc ilchodach ar na Coláistí Gaeilge a fhoilsiú.

11. Clár Ama

(a) I gcás Aicme A, is gá 35 huaire an chloig sa tseachtain de ghníomhaíochtaí foghlama a chur ar siúl. Ba chóir go gcaithfí ar a laghad 20 uair an chloig díobh seo ar theagasc teanga go foirmiúil. Ba chóir na ranganna foirmiúla a chur ar siúl ar maidin agus, nuair a bheidh siad á ndearadh agus á gcur i láthair, ba chóir aird a thabhairt ar na treoirlínte a bheidh á soláthar ó am go chéile ag an gComhairle Mhúinteoireachta i gcomhairle le soláthróirí na gclár oideachais tosaigh do mhúinteoirí. Is ar ghnéithe ábhartha den churaclam bunscoile, is cóir an 15 uair an chloig eile de ghníomhaíochtaí foghlama a bhunú.

- I gcás Aicme B agus Aicme C, is gá 2.5 uair de theagasc foirmiúil (gan am sosa san áireamh) a dhéanamh ar maidin agus 1.5 uair ar a laghad a chaitheamh ar imeachtaí eagraithe faoi stiúir na n-oidí san iarnóin. Ba cheart na himeachtaí seo a eagrú ar shlí a chuimsíonn réimsí spéise éagsúla agus a chothaíonn cumas cumarsáide na scoláirí/mac léinn. Sa chomhthéacs seo, ba cheart maolú a dhéanamh ar an obair scríofa. Ní mór a chinntiú go nglacann gach scoláire/mac léinn páirt san éagsúlacht imeachtaí a eagraítear.

Ní mór a chinntiú go mbeidh oidí i láthair agus páirteach sna himeachtaí iarnóna. Tá sé tábhachtach nach mbeadh na scoláirí faoi chúram iomlán ardchinnire nó cúntóra áitiúla ag am ar bith.

(b) I gcás Aicme D, is gá 2.5 uair de theagasc foirmiúil (gan am sosa san áireamh) a dhéanamh ar maidin agus 2 uair an chloig ar a laghad a chaitheamh ar na himeachtaí eagraithe iarnóna. Sa chás go bhfuil imeachtaí eagraithe oíche á n-áireamh mar chuid den íoslíon riachtanach de 12 seisiún, ní mór fad de 2 uair an chloig ar a laghad a bheith sna seisiúin seo.

(c) I gcás Aicme B, C agus D, sa teagasc foirmiúil maidine, ní cóir níos mó ná uair an chloig a leagan amach do cheacht ná do léacht ar bith.

(d) Is san iarnóin nó san oíche a mhúinfear buíonchantaireacht agus Ceol. Is féidir feidhm a bhaint as sciar cuí den am teagaisc fhoirmiúil chun focail agus foinn na n-amhrán a theagasc do gach rang faoi seach. **Ní cheadófar ceacht iomlán ceoil/cantaireachta mar chuid den teagasc foirmiúil maidine.**

(e) <u>Imeachtaí Eagraithe Iarnóna agus Oíche:</u>

I gcás Aicme A, ba chóir na gníomhaíochtaí foghlama a bheith de réir na dtreoirlínte a chuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta i gcomhairle le soláthróirí oideachais tosaigh múinteoirí (OTM), ar fáil ó am go chéile. Ní mór úsáid a bhaint as an siollabas agus as na cláir teanga mar atá deartha agus comhaontaithe ag na hInstitiúidí Ardoideachais sna cúrsaí seo.

I gcás Aicme A, B, C agus D, meastar an oiread tábhachta a bheith ag baint leis an gcuid seo den chúrsa is a bhaineann leis an teagasc foirmiúil ar maidin. Beidh sé de dhualgas ar an bPríomhoide i gcomhar leis na hoidí agus na hardchinnirí (más ann dóibh) sraith d'imeachtaí oiriúnacha a leagan amach ar shlí córasach a chinntíonn rannpháirtíocht na scoláirí uile.

Beifear ag súil leis go mbeidh an foclóir agus na nathanna cainte a bhaineann leis na himeachtaí éagsúla sealbhaithe go cruinn ag na scoláirí mar thoradh ar an gcaoi a gcuirtear na gnéithe seo den teanga i dtuiscint dóibh agus a gcruthaítear deiseanna dóibh le linn imeachtaí na gnéithe seo den teanga a chleachtadh i gcomhthéacs nádúrtha lasmuigh den rang.

(i) <u>Imeachtaí Eagraithe Iarnóna</u>

I measc na n-imeachtaí a d'fhéadfaí a eagrú tá:

- Amhránaíocht;
- Ullmhúchán do chlaisceadal, do scoraíochtaí agus do chéilithe;
- Ceol uirlise;
- Tionscadail;
- Ealaín agus Ceardaíocht;
- Siúlóidí agus Turais, ach cuspóir cinnte a bheith leo;
- Cluichí (istigh agus amuigh);
- Lúthchleasaíocht;
- Seilgí;
- Tráth na gCeist;
- Fiche Ceist;
- gníomhaíochtaí/imeachtaí nuálacha eile;
- agus araile.

(ii) Imeachtaí Eagraithe Oíche

I measc na n-imeachtaí a d'fheadfaí a eagrú tá:

- Ceithre chéilí ar a laghad a reáchtáil ar oícheanta i rith na seachtaine;
- Claisceadal;
- Miondrámaí;
- Scoraíochtaí agus araile.

(f) Sa chás gur gá ranganna nó imeachtaí eagraithe a chur ar ceal ar chúis ar bith (m.sh. turas), ba chóir na socruithe cuí a dhéanamh chun na huaireanta teagmhála sin a chúiteamh leis na scoláirí/mic léinn. Ba chóir na páirtithe leasmhara, institiúidí ardoideachais agus Cigireacht na ROS san áireamh, a chur ar an eolas faoi na socruithe nua chomh luath agus is féidir.

(g) Ceadófar turas nó dhó le linn cúrsa ach é a bheith fógartha roimh ré mar chuid de chlár imeachtaí an chúrsa agus é nasctha go sonrach le Clár Foghlama Teanga an Choláiste. **Ní ceart ranganna na maidne a chailliúint ach i gcásanna fíor-eisceachtúla agus ba cheart go rachadh an turas chun leasa na scoláirí ó thaobh forbairt a gcuid scileanna teanga agus/nó a bhfeasacht chultúrtha de.**

12. Na Critéir maidir le Fostú Múinteoirí

(a) Ní mór An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a shásamh maidir le cáilíochtaí na n-oidí atá le bheith i mbun an chúrsa, agus an

Chomhairle Mhúinteoireachta agus na hInstitiúidí Ardoideachais a shásamh maidir le cúrsaí a chuirtear ar fáil faoi Aicme A don Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht.

Ní mór ardchumas i labhairt agus i scríobh na Gaeilge (i. Gaeilge líofa) a bheith ag na hoidí a fhostaítear chomh maith le taithí mhaith ar mhúineadh na Gaeilge agus dea-theist mar oidí. Maidir leis na hoidí a cheapfar ar chúrsaí de chuid Aicme A, is inmhianaithe é go mbeadh taithí acu mar oidí bunscoile agus saineolas acu ar *Churaclam Teanga na Bunscoile* (2015) agus *Curaclam na Bunscoile Gaeilge (1999)* chomh maith le cur amach acu ar Shonraíochtaí Gaeilge (T1 agus T2) na Sraithe Sóisearaí.

(b) An Chomhairle Mhúinteoireachta

Caithfidh gach oide a oibríonn ar chúrsa de chuid Coláiste Gaeilge a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Glacfar le hoidí láncháilithe atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta i dTuaisceart Éireann (GTCNI) leis. **Caithfear uimhir chláraithe an oide a shonrú sa cholún cuí ar an bhfoirm iarratais.**

Ní thabharfar aitheantas do thréimhse ar bith teagaisc a mhaítear i gcás oide nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ach amháin i gcásanna fíoreisceachtúla.

Déanfar eisceacht den fhoireann cháilithe teagaisc sin atá, nó a bhí, fostaithe chun Gaeilge a theagasc sna hInstitiúidí Ardoideachais úd a chuireann Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht ar fáil d'Ábhar Oidí. D'fhéadfadh, i gcásanna fíor-eisceachtúla, go dtabharfaí aitheantas leis i gcásanna ina gcruthaítear, chun sástacht na Roinne, go bhfuil céimeanna á dtógáil chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Breathnófar ar gach cás astu féin. Beidh an cinneadh deiridh i ngach cás ag An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

(c) Cáilíochtaí le Gaeilge a mhúineadh

I gcás na foirne teagaisc ar chúrsaí Aicme A, B, C agus D, ní mór a chur in iúl sa mhír chuí den bhfoirm iarratais, cé acu ceann de na crítéir thíos (i) – (iv) a chomhlíonann gach duine de na hoidí a bheidh ag obair ar an gcúrsa atá fostaithe. Ba cheart an cód cuí a líonadh isteach sa ghreille dar teideal *Cáilíochtaí i nGaeilge*, m.sh. **10 (c) (iv)** i gcás múinteoir iar-bhunoideachais gan céim sa Ghaeilge ach atá inniúil go leor ar an teanga agus sách oilte agus eolach ar mhodhanna múinte chun í a theagasc.

(i) Oide bunscoile cáilithe le Gaeilge líofa;

(ii) Oide cáilithe a bhfuil an Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunscoile (TGMI) bainte amachaige/aici

(iii) Oide cáilithe le céim Ollscoile ina bhfuil an Ghaeilge mar cheann de na príomhábhair

(iv) Oide cáilithe le hardchumas sa Ghaeilge agus le hoiliúint chuí i modhanna múinte na Gaeilge

Sa chás eisceachtúil go mbeadh ar ionadaí seasamh isteach d'oide, is ceart oide cáilithe a chomhlíonann ceann de na crítéir thuas a fhostú agus An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a chur ar an eolas láithreach ag r-phost: colaistigaeilge@chg.gov.ie nó glaoch ar (091) 503700. Beidh an cinneadh deiridh i ngach cás ag An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

13. Ardchinnirí

(a) Glacfar le hoidí nó le daoine nach oidí iad ach a bhfuil Gaeilge an-mhaith acu mar ardchinnirí faoi stiúradh an Phríomhoide i mbun imeachtaí iarnóna agus oíche. Ceadófar, ar a mhéad, ardchinnire amháin do gach cúigear scoláire is fiche.

(b) Cáilíochtaí: Beidh na hardchinnirí os cionn 18 mbliana d'aois ar 1 Iúil de bhliain an chúrsa nó beidh siad os cionn 17 mbliana d'aois agus scrúdú na hArdteistiméireachta déanta acu faoin dáta céanna. Cainteoirí líofa Gaeilge a bheidh iontu nó beidh tréimhsí caite acu mar scoláirí/mhic léinn i gColáiste Gaeilge. Beidh tuiscint acu do dhaoine óga. Beidh cumas iontu chun comhoibriú leis an bPríomhoide agus leis an bhfoireann teagaisc chun imeachtaí oiriúnacha a eagrú agus chun maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine óga. Tá sé inmhianaithe go mbeadh saineolas acu ar ghnéithe áirithe de chaitheamh aimsire na scoláirí/mac léinn, mar shampla, ceol, rincí, cluichí, snámh agus araile.

(c) Dualgais: Cuirfear cúraimí ar na hardchinnirí a bhaineann le forbairt Ghaeilge na scoláirí/mac léinn in imeachtaí lasmuigh den rang. (Féach Riail 9(f)).

(d) Ba chóir sonraí faoi na hardchinnirí a thabhairt ar rolla ar leith.

(e) Moltar go mbeidh ardchinnire amháin in aghaidh gach 25 mhac léinn a bhíonn ar rollaí an choláiste.

(f) Ba chóir an t-eolas ar fad i leith ardchinnirí a lorgaítear a chur ar fáil sa bhfoirm iarratais.

14. Cúntóirí Áitiúla

Is gnó do na Coláistí féin é cúntóirí a cheapadh i.e. daoine áitiúla atá ós cionn 15 bliana d'aois, nó a bhfuil an teastas sóisearach críochnaithe acu agus / nó atá faoi bhun 24 mbliana déag d'aois agus atá ag freastal go lán-aimseartha ar choláiste 3ú leibhéil agus a bhfuil an Roinn sásta gurb í an Ghaeilge a ngnáth-theanga baile. Cúntóir amháin in aghaidh gach 20 scoláire/mac léinn a bheidh i gceist. Ní bheidh aon tionchar ag an socrú seo ar na hArdchinnirí atá inghlactha cheana faoin scéim. Moltar do choláistí an deis a thapú ceangal láidir idir óige na Gaeltachta agus na foghlaimeoirí a fhorbairt, le linn cúrsaí agus ina dhiaidh sin, trí chúntóirí a cheapadh.

15. An Príomhoide

Ní mór duine den fhoireann teagaisc a ainmniú mar phríomhoide ar gach cúrsa.

(a) Róil agus Freagrachtaí an Phríomhoide

Aithnítear an príomhoide mar an té atá i gceannas ar an gcúrsa agus a bhainistíonn imeachtaí an chúrsa ó lá go lá. Is é/í an príomhoide atá freagrach as na cúinsí cuí a chruthú ar mhaithe le heispéireas fiúntach agus taitneamhach ar fhoghlaim na Gaeilge a sholáthar do scoláirí an chúrsa.

Is ceannaire ar an bhfoghlaim é an príomhoide agus beifear ag súil leis go léireoidh sé/sí tiomantas iomlán d'fheabhsú na foghlama trí chleachtais chomhoibritheacha nuálacha agus chruthaitheacha, i ngach gné den soláthar, a chur chun cinn.

Bíonn dualgaisí bainistíochta le comhlíonadh ag an bPríomhoide freisin agus eisean/ise atá freagrach as timpeallacht foghlama folláin, ina dtumtar scoláirí sa Ghaeilge agus i saol na Gaeltachta, a chur ar fáil.

I measc na bpríomh-fhreagrachtaí a bhíonn ar phríomhoide an chúrsa, áirítear :

- ✓ Úsáid na Gaeilge mar theanga an chúrsa a éascú agus a dheimhniú
- ✓ Timpeallacht ordúil agus slán a chinntiú
- ✓ Dea-chaidrimh idir phobal uile an chúrsa agus leis an bpobal i gcoitinne a chothú
- ✓ Socruithe a dhéanamh do sceidealú ranganna agus imeachtaí, cruthú rang-ghrúpaí, dáileadh múinteoirí ar rang-ghrúpaí etc. le cinntiú go bhfuil an leas is fearr á bhaint acmhainn foirne an choláiste
- ✓ Feabhsú sa bhfoghlaim, sa teagaisc agus sa mheasúnú a chur chun cinn trí chlár oibre ginearálta a leagadh amach
- ✓ Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chlár foghlama teanga an Choláiste agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil ullmhúchán gearrthréimhseach na n-oidí curtha in oiriúint do riachtanais a rang-ghrúpaí féin, go háirithe i gcásanna ina malartaítear ranganna agus i gcás oidí nua-cheaptha
- ✓ Rannpháirtíocht iomlánaíoch scoláirí in imeachtaí uile an chúrsa a spreagadh agus a éascú
- ✓ Deiseanna ar róil cheannaireachta a chruthú do bhaill foirne agus do scoláirí
- ✓ Meastóireacht a dhéanamh ar a c(h)umas féin mar cheannaire agus forbairt a dhéanamh ar a t(h)uiscintí féin.
- ✓ Oibriú i gcomhpháirt le húdárais an Choláiste Gaeilge ar mhaithe le cáilíocht an tsoláthair a thabhairt chun cinn.

(b) Na Critéir maidir le Fostú Príomhoide

(i) Beifear ag súil leis go léireoidh an té a cheapfar mar phríomhoide tuiscint mhaith ar phróisis sealbhaithe teanga agus go mbeidh sé/sí lánoilte sna modhanna is éifeachtaí le cumas foghlaimeoirí sa Ghaeilge a thabhairt chun cinn.

I gcás Aicme A, beifear ag súil leis go mbeadh taithí chúig bliana múinteoireachta in earnáil an bhunoideachais ag an té a cheapfar agus go mbeidh an duine sin láneolach ar churaclam nua teanga na bunscoile agus ar na modhanna atá á gcur chun cinn ann.
I gcás Aicmí B, C agus D, beifear ag súil leis go mbeadh taithí shásúil múinteoireachta in earnáil an iar-bhunoideachais nó an bhunoideachais ag an bpríomhoide a cheapfar, agus go mbeidh an duine sin láneolach ar Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2), ar shiollabais na Sraithe Sinsearaí don Ghaeilge agus ar *Curaclam Teanga* na Bunscoile.

(ii) Taithí mhaith aige/aici ar an obair i gcoitinne i gColáistí Gaeilge agus teist an-mhaith air/uirthi mar oide i gColáiste Gaeilge cheana;

(iii) Ardchumas riaracháin, bainistíochta agus ceannaireachta;

(iv) Bheith in ann comhoibriú go maith le scoláirí/mic léinn, oidí, tuismitheoirí/caomhnóirí, mná tí, leis an bpobal i gcoitinne, agus le lucht údaráis, oifigigh na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus lucht léinn na nInstitiúidí Ardoideachais.

(c) Dualgais an Phríomhoide:

Beifear ag súil leis, ar mhaithe le dea-eagar agus dea-bhainistíocht na gcúrsaí Gaeilge, go mbeidh:-

- ✓ an príomhoide féin, nó ionadaí dá c(h)uid, i láthair ag an gcoláiste Gaeilge leathuair roimh thús ranganna na maidine
- ✓ plean an phríomhoide leagtha amach de réir na treorach a thugtar in 8 (c)
- ✓ plean do gach rang ar leith, atá fréamhaithe sa Chlár Foghlama Teanga, ullmhaithe ag gach oide, maille le hullmhúchán gearrthréimhseach oiriúnach
- ✓ na socruithe cuí i bhfeidhm chun díriú ar mholtaí a d'éirigh as meastóireachtaí de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna roimhe seo
- ✓ na rollaí á gcoimeád de réir Rialachán na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

- ✓ an comhoibriú cuí idir an príomhoide agus údáráis an Choláiste Gaeilge ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil cúrsa d'ardchaighdeán á chur ar fáil
- ✓ cuairteanna rialta á dtabhairt ar na tithe lóistín, de réir mar is cuí
- ✓ an Príomhoide ceaptha mar Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe de réir mar a éilíonn na forálacha i *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2011)

16. Dúnadh de dheasca cúise do-sheachanta

Má dhúntar Coláiste de dheasca galair thógálaigh nó de dheasca cúise do-sheachanta eile, caithfear an tAire a shásamh faoi thosca an dúnta.

17. An Nós Imeachta maidir le hAchomharc

I gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara, déanann An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltacht athbhreithniú de réir mar is gá ar na *Rialacháin faoina dTugtar Aitheantas do na Coláistí Gaeilge* i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Iarrtar ar Choiste Stiúrtha gach coláiste cód iompair scoláirí/mac léinn a chur ar fáil i bhfoirm scríofa agus scoláirí/mic léinn agus a dtuistí/gcaomhnóirí a chur ar an eolas faoina bhfuil leagtha síos ann agus é a bheith ar fáil le hiniúchadh sa choláiste.

Más gá, de bharr cúinsí tromchúiseacha, foghlaimeoir(í) a chur abhaile roimh dheireadh cúrsa de bharr drochiompair, briseadh Riail na Gaeilge, nó ar chúis ar bith eile, ba cheart i ngach cás an cinneadh a dhéanamh le daonnacht agus le tuiscint don scoláire/mhac léinn agus dá t(h)uistí/ c(h)aomhnóirí/don Institiúid Ardoideachais.

Ar mhaithe le bunphrionsabail na hoscailteachta agus chothrom na féinne a chinntiú, ba cheart go mbeadh nós imeachta maidir le hachomharc ina chuid den chód iompair agus é a bheith i scríbhinn. Mar chuid den nós imeachta sin, déanfar gach iarracht dul i gcomhairle le tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais an scoláire/mhic léinn roimh ré agus tabharfar deis don scoláire/mhac léinn labhairt lena t(h)uiste/c(h)aomhnóir/Institiúid Ardoideachais sula ndéanfar cinneadh scoláire/mac léinn a dhíbirt ó choláiste Gaeilge.

Beidh beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste páirteach i ngach cinneadh dá leithéid agus beidh deis cheart ag an scoláire/mac léinn a t(h)aobh féin den scéal a chur i láthair sula ndéanfar an cinneadh.

Tuigtear go bhuil sé tábhachtach i dtaca le héifeachtacht agus eagar na gColáistí gur ceadmhach scoláire/mac léinn a chur abhaile de bharr tarlóga tromchúiseacha áirithe. Níl sé i gceist bac a chur ar choiste stiúrtha scoláire a dhíbirt nuair is gá sin a dhéanamh. Níl sé i gceist ach an oiread moill gan ghá a chur ar an bpróiseas atá leagtha síos ag an gcoláiste maidir le scoláire/mac léinn a dhíbirt; ceaptar gur féidir an córas achomhairc uile mar atá sonraithe a chur i bhfeidhm taobh istigh de lá amháin.

Is iad seo a leanas na céimeanna atá le cur i bhfeidhm sa phróiseas:

- Beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste a bheith páirteach i ngach cinneadh maidir le scoláire/mac léinn a dhíbirt roimh dheireadh cúrsa;

- A chur in iúl don scoláire/mhac léinn go bhfuil sé curtha ina leith go bhfuil sárú déanta aige/aici ar na rialacha;
- An riail/na rialacha atá i gceist agus na himpleachtaí a ghabhann leis an sárú a chur in iúl don scoláire/mhac léinn;
- A chinntiú gur thuig an scoláire/mac léinn ábhar an ghearáin a bhí á dhéanamh;
- Deis a thabhairt don scoláire/mhac léinn labhairt leis an tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais go príobháideach;
- Deis a thabhairt don scoláire/mhac léinn a t(h)aobh féin den scéal a insint agus a chur in iúl don scoláire/mhac léinn go bhfuil cead aige/aici labhairt i dteanga eile seachas Gaeilge más fearr leis/léi sin;
- An Coláiste le gach iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil leis an tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais agus an scéal a insint;
- Sa chás go dteastódh ón tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais a bheith i láthair nuair a bheadh an scéal á phlé leis an scoláire/mac léinn go bhfáilteofaí roimh a leithéid fad is nach gcuirfí moill mhíréasúnta ar an bpróiseas;
- An cinneadh a chur in iúl don scoláire/mhac léinn agus don tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais;
- Sa chás nach bhfuil an tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais i láthair, socruithe oiriúnacha a dhéanamh chun an scoláire/mac léinn a thionlacan abhaile má tá díbirt i gceist;
- A chur in iúl don tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais na socruithe maidir leis an scoláire a chur abhaile;
- Gan scoláire/mac léinn a chur abhaile gan tionlacaí de chuid an Choláiste.

Aithnítear go mbeidh corrchás ann nuair a bheidh cúrsaí slándála agus sábháilteachta go mór i gceist mar chosaint don scoláire/mhac léinn féin agus na scoláirí/mic léinn eile agus nach mbeidh aon rogha ag an gColáiste ach an scoláire/mac léinn a dhíbirt gan dul tríd an

bpróiseas thuasluaite go hiomlán. Bheifí ag súil leis nach dtarlódh sé seo ach i dtosca an-eisceachtúla ar fad.

I ngach cás ina gcuirtear scoláire/mac léinn abhaile de bharr sárú rialacha, iarrtar ar an gcoiste stiúrtha tuairisc ghonta a chur ar fáil don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ina leith chuig:-

Rannóg na gColáistí Gaeilge
Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Na Forbacha
Gaillimh

Déanfar tagairt do na nithe seo a leanas sa tuairisc:-

- Ainm an scoláire/mhic léinn;
- An Riail a sáraíodh agus cathain;
- An teagmháil a rinne an scoláire agus an Coláiste leis an tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais;
- An dáta ar cuireadh an scoláire/mac léinn abhaile agus na socruithe a rinneadh ina leith;

Beifear ag súil le comhoibriú ó na Coláistí Gaeilge leis An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, leis na hInstitiúidí Ardoideachais, agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcur i bhfeidhm na socruithe thuasluaite agus táthar ag súil leis go mbeidh dea-thoradh ar an saothar.

18. Feidhm an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

(a) Féadfaidh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta oifigigh a chur chun fiosrú a dhéanamh ar na ranganna agus ar na himeachtaí eile am ar bith le linn an chúrsa.

(b) Ar iarratas ón Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, déanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna clár cigireachta a reáchtáil i sampla de na cúrsaí sna Coláistí Gaeilge Aicme C ar bhonn bliantúil le cáilíocht an tsoláthair sna cúrsaí Gaeilge sna

Coláistí a dhearbhú agus comhairle a chur ar An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta dá réir.

- Caithfidh Plean an Phríomhoide [féach mír 8 (c)] a bheith ar fáil do chigirí agus d'ionadaithe eile de chuid na Roinne. Sa chás gur léir le linn cigireachta ar chúrsa, go bhfuil forálacha na Rialáchán á sárú ag Coláiste ar bith, cuirfear meamram ar an ábhar imní chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le go n-ardófaí an cheist go díreach le Coiste Stiúrtha an Choláiste Gaeilge.
- Má fhágtar aon cheann de na Rialacháin gan chomhlíonadh, beidh sé de cheart ag an Aire aitheantas an chúrsa a dhiúltú nó a chur ar ceal. Tabharfar rabhadh san am céanna nach dtabharfar aitheantas amach anseo má bhíonn an scéal amhlaidh arís.

- Déanfar teagmháil le Cathaoirleach an Choiste Stiúrtha má tá soiléiriú ag teastáil ón Roinn i gcás aon ní a bhaineann le hobair an choláiste le linn na gcúrsaí nó ina ndiaidh. Cuirfidh an Coiste Stiúrthaa eolas ar fáil gan mhoill de réir mar is gá.

19. Comhfhreagras leis An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

(a) Is gá cóip leictreonach i bhfoirm WORD de gach foirm a sheoladh chun na Roinne roimh 18 Aibreán 2019.

(b) Más gá aon athrú a dhéanamh ar an eolas atá tugtha sna foirmeacha seo roimh dháta tosaithe an chúrsa, ní mór cóip leictreonach leasaithe a sheoladh isteach chun na Roinne a luaithe agus is féidir roimh thús an chúrsa.

(c) Ba chóir d'údaráis na gColáistí an rolla a sheoladh ar ais chun na Roinne ag deireadh an chúrsa.

(d) Ba chóir d'údaráis na gColáistí an fhoirm ar Shaoire Bhreise Phearsanta a sheoladh chuig: CONCOS, Tír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe. Tel: 091 577050 seoladh r-phoist: eolas@concos.ie

Tuilleadh eolais agus fiosruithe:
Rannóg na gColáistí Gaeilge
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Na Forbacha
Co na Gaillimhe
seoladh r-phoist: colaistigaeilge@chg.gov.ie
Tel: 091 503700

19. Aguisín 1 – Foirm iarratais ar aitheantas

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

i gcomhar le

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Córas na gColáistí Gaeilge
Foirm iarratais ar aitheantas
Ainm an Choláiste:

Ba chóir *Rialacháin Faoina dTugtar Aitheantas do Cholaistí Gaeilge – Eagrán 3, 2019* a léamh sula líontar an fhoirm seo. Tá treoirlínte maidir le conas an fhoirm a lionadh in íochtar.

Ní foláir an fhoirm agus í comhlánaithe go hiomlán a sheoladh go leictreonach chuig an seoladh in íochtar na foirme le go mbainfidh sí an Roinn amach roimh 15 Márta 2019 i leith Cúrsa Aicme A agus mí roimh ré i leith cúrsaí a thosaíonn roimh an dáta sin.

I gcás Cursaí Aicme B, C agus D ní mór iarratas a bheith faighte ag an Roinn roimh 18 Aibreán 2019 ar a dhéanaí.

Don oifig amháin: Cód Aitheantais:

SONRAÍ GINEARÁLTA FAOIN gCOLÁISTE AGUS FAOI NA CÚRSAÍ

Ainm an choláiste:

Seoladh an choláiste:

Uimhir ghutháin an choláiste:

Seoladh r-phoist an choláiste:

Seoladh suíomh idirlíon an choláiste:

Stiúrthóir(í) an choláiste:

PLEANÁIL AGUS FÉINMHEASTÓIREACHT -TABHAIR LÉARGAS AR NA RUDAÍ A LEANAS:

Agus na míreanna thíos á bhfreagairt agat, iarrtar ort tagairt a dhéanamh do lgh 14 – 24 de na *Rialacháin faoin dtugtar aitheantas do Choláistí Gaeilge*.

A. (i) Leag amach Aidhmeanna an Choláiste (gan dul thar 100 focal):

A. (ii) Cad é cur chuige an choláiste maidir le hinniúlacht na scoláirí ar an nGaeilge a fhorbairt (gan dul thar 200 focal):

B. (i) Tabhair léargas achomair ar na príomh-mhíreanna atá i gClár Foghlama Teanga an choláiste (gan dul thar 200 focal):
B. (ii) Sonraigh na príomh-mhíreanna i bPlean an Phríomhoide, lena n-áirítear an clár (is leor priomhtheidil):-

C. (i) I gcás, sa tuairisc chigireachta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, gur aithníodh easnaimh faoi leith agus gur deineadh moltaí ina leith maidir le conas iad a cheansú, sonraigh na heasnaimh sin:

C (ii) Sonraigh cad atá déanta chun dul i ngleic leis an méid thuasluaite:

SCOLÁIREACHTAÍ

Sonraigh an líon scoláireachtaí/lascainí a chuireann an Coláiste ar fáil go bliantúil:

Sonraigh líon scoláireachtaí/lascainí a bhaineann le hionchuimsiú sóisialta:

Sonraigh an líon scoláireachtaí a ndéanann eagraíochtaí eile a mhaoiniú seachas an coláiste:

Sonraí breise:

Na critéir lena mbaineann na scoláireachtaí *(mar shampla ionchuimsiú sóisialta)*:-

Eolas/sonraí maidir le haon scoláireachtaí a chuireann eagraíochtaí eile ar fáil *(más cuí)*

TURAIS

Turais atá beartaithe agus an leas oideachasúil a bhaineann leo *(tabhair le fios más rud é go mbeidh ranganna foirmeálta maidne á gcailliúint dá bharr)*:-

AN FHOIREANN TEAGAISC A BHEIDH AG OBAIR AR NA CÚRSAÍ FAOI LEITH

Iarrtar ort, chomh fada agus is féidir é sin a dhéanamh, sonraí a chur ar fáil faoin na múinteoirí a bheidh fostaithe ar na cúrsaí faoi leith:-

Uimhir	Ainm & Sloinne	Uimhir na Comhairle Múinteoireachta (*brúigh ctrl & click thíos*) www.teachingcouncil.ie/ga/ www.gtcni.org.uk/	Cáilíochtaí i nGaeilge	Cúrsa A	Cúrsa B	Cúrsa C	Cúrsa D	Cúrsa E	Cúrsa F	Cúrsa G	Cúrsa H	Cúrsa I	Cúrsa J	Cúrsa K
1														
2														
3														
4														
5														
6														
7														
8														
9														
10														
11														
13														

14														
15														
16														
17														
18														
19														
20														
21														
22														
23														
24														
25														
26														

SONRAÍ BEACHTA FAOI NA CÚRSAÍ FAOI LEITH

Cúrsa A:

Ag tosú ar : 25/01/2019 Ag críochnú ar: 23/06/208

Aicme: C líon na n-ionad in úsáid:

Príomhoide an chúrsa: Uimhir ghutháin:

Ainm an teagmhálaí don chigireacht : Uimhir ghutháin:

Líon oidí (measta) : Líon scoláirí (measta):

Clár Ama an chúrsa (Luan go Satharn)		
	Am tosaithe	Am críochnaithe
Maidin:		
Tráthnóna:		
Oíche:		

Cúrsa B:

Ag tosú ar : 08/02/2018 Ag críochnú ar: 08/02/2018

Aicme: Roghnaigh C Líon na n-ionad in úsáid: Roghnaigh

Seoltaí na n-ionad:

Príomhoide an chúrsa: Uimhir ghutháin:

Ainm an teagmhálaí don chigireacht : Uimhir ghutháin:

Líon oidí (measta) : Líon scoláirí (measta):

Clár Ama an chúrsa (Luan go Satharn)		
	Am tosaithe	Am críochnaithe
Maidin:		
Tráthnóna:		
Oíche:		

Cúrsa C:

Ag tosú ar : 08/02/2018 Ag críochnú ar: 08/02/2018

Aicme: Roghnaigh C Líon na n-ionad in úsáid: Roghnaigh

Seoltaí na n-ionad:

Príomhoide an chúrsa: Uimhir ghutháin:

Ainm an teagmhálaí don chigireacht : Uimhir ghutháin:

Líon oidí (measta) : Líon scoláirí (measta):

Clár Ama an chúrsa (Luan go Satharn)		
	Am tosaithe	Am críochnaithe
Maidin:		
Tráthnóna:		
Oíche:		

Cúrsa D:

Ag tosú ar : 08/02/2018 Ag críochnú ar: 08/02/2018

Aicme: Roghnaigh C líon na n-ionad in úsáid: Roghnaigh

Seoltaí na n-ionad:

Príomhoide an chúrsa: Uimhir ghutháin:

Ainm an teagmhálaí don chigireacht : Uimhir ghutháin:

Líon oidí (measta) : Líon scoláirí (measta):

Clár Ama an chúrsa (Luan go Satharn)		
	Am tosaithe	Am críochnaithe
Maidin:		
Tráthnóna:		
Oíche:		

Cúrsa E:

Ag tosú ar : 07/11/2018 Ag críochnú ar: 08/02/2018

Aicme: Roghnaigh C líon na n-ionad in úsáid: Roghnaigh

Seoltaí na n-ionad:

Príomhoide an chúrsa: Uimhir ghutháin:

Ainm an teagmhálaí don chigireacht : Uimhir ghutháin:

Líon oidí (measta) : Líon scoláirí (measta):

Clár Ama an chúrsa (Luan go Satharn)		
	Am tosaithe	Am críochnaithe
Maidin:		
Tráthnóna:		
Oíche:		

Cúrsa F:

Ag tosú ar : 07/11/2018 Ag críochnú ar: 08/02/2018

Aicme: Roghnaigh C líon na n-ionad in úsáid: Roghnaigh
Seoltaí na n-ionad:

Príomhoide an chúrsa: Uimhir ghutháin:

Ainm an teagmhálaí don chigireacht : Uimhir ghutháin:

Líon oidí (measta) : Líon scoláirí (measta):

Clár Ama an chúrsa (Luan go Satharn)		
	Am tosaithe	Am críochnaithe
Maidin:		
Tráthnóna:		
Oíche:		

Cúrsa G:

Ag tosú ar : 07/11/2018 Ag críochnú ar: 08/02/2018

Aicme: Roghnaigh C líon na n-ionad in úsáid: Roghnaigh
Seoltaí na n-ionad:

Príomhoide an chúrsa: Uimhir ghutháin:

Ainm an teagmhálaí don chigireacht : Uimhir ghutháin:

Líon oidí (measta) : Líon scoláirí (measta):

Clár Ama an chúrsa (Luan go Satharn)		
	Am tosaithe	Am críochnaithe
Maidin:		
Tráthnóna:		
Oíche:		

Cúrsa H:

Ag tosú ar : 07/11/2018 Ag críochnú ar: 08/02/2018

Aicme: Roghnaigh C líon na n-ionad in úsáid: Roghnaigh

Seoltaí na n-ionad:

Príomhoide an chúrsa: Uimhir ghutháin:

Ainm an teagmhálaí don chigireacht : Uimhir ghutháin:

Líon oidí (measta) : Líon scoláirí (measta):

Clár Ama an chúrsa (Luan go Satharn)		
	Am tosaithe	Am críochnaithe
Maidin:		
Tráthnóna:		
Oíche:		

Cúrsa I:

Ag tosú ar : 07/11/2018 Ag críochnú ar: 08/02/2018

Aicme: Roghnaigh C líon na n-ionad in úsáid: Roghnaigh

Seoltaí na n-ionad:

Príomhoide an chúrsa: Uimhir ghutháin:

Ainm an teagmhálaí don chigireacht : Uimhir ghutháin:

Líon oidí (measta) : Líon scoláirí (measta):

Líon scolaireachtaí a chuirtear ar fáil do **Chúrsa I**:

Clár Ama an chúrsa (Luan go Satharn)		
	Am tosaithe	Am críochnaithe
Maidin:		
Tráthnóna:		
Oíche:		

DEARBHÚ

Dearbhaím mar Stiúrthóir an Choláiste:-

Ginearálta

• Go bhfuil na ***Rialacháin Faoina dTugtar Aitheantas do Choláistí Gaeilge*** – ***Eagrán 2*** - léite agus go bhfuilimid sásta cloí leis na coinníollacha atá luaite ann chomh maith le pé coinníoll eile a chuireann an Roinn le aon aitheantas a cheadaítear.	**Roghnaigh**
• Go bhfuil cúrsaí cánach na heagraíochta in ord.	**Roghnaigh**
• Nach ndéanfar aon sárú ar na dualgais atá orainn chomh fada is a bhaineann siad le comhionannas (a chuimsíonn inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, cine, gnéaschlaonadh, ná creideamh gan chúis chóir, chothrom agus cheart) ná go deimhin aon dualgas eile atá sa bhileog eolais má cheadaítear aitheantas dúinn faoin gclár.	**Roghnaigh**
• Go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhoirm seo fíor agus cruinn gur heol dúinn.	**Roghnaigh**

Cosaint Leanaí

• go bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí in áit, de réir fhorálacha ábhartha CHUID II den Acht um Chosaint Leanaí 2015 (Uimh. 36 de 2015).	**Roghnaigh**
• sonraí maidir leis an nasc chuig Ráiteas Um Chosaint Leanaí an Choláiste ar shuíomh idirlín an Choláiste: Sonraí anseo:	
• go bhfuil an coláiste ag cloí le forálacha ábhartha uile na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach: vetting@garda.ie	**Roghnaigh**
• mar aitheantas ar ról agus dualgais shonracha na dteaghlaigh, go mbeidh údarás an choláiste ag cinntiú go ndearbhaíonn gach teaghlach atá fostaithe go gcomhlíonfaidh siad an Ráiteas um Chosaint Leanaí atá ullmhaithe agus curtha in áit ag údarás an choláiste.	**Roghnaigh**

Gnóthaí Cóiríochta/Dóiteáin

• go bhfuil údarás an choláiste ag comhlíonadh mar is cuí, a chuid dualgas mar a leagtar amach iad i bhforálacha ábhartha na **nAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003** - go háirithe Alt 18(2). Féach: www.irishstatutebook.ie/eli/1981/act/30/enacted/en/html	**Roghnaigh**

Gnóthaí Sláintíochta

• mar a bhaineann sé le cúrsaí sláintíochta dearbhaím go mbeidh áiseanna cuí ar fáil, lena n-airítear leithris chomh maith le huisce te agus fuar.	**Roghnaigh**

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

• De réir an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, is féidir leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta scaoileadh le faisnéis (ar iarratas) atá tugtha san fhoirm iarratas agus/nó i gcáipéisí taca. Má tá aon eolas mothálach i d'iarratas, ní foláir é sin a léiriú agus míniú a thabhairt cén fáth nár chóir scaoileadh leis i gcás go n-iarrtar an t-eolas sin faoin Acht. I gcás go n-iarrtar ar an Roinn scaoileadh le haon eolas a cheaptar a bheith mothálach, rachaimid i gcomhairle leat sula ndéantar cinneadh faoin iarratas. Ní bheidh an Roinn freagrach don iarratasóir ná do dhuine ar bith eile as caillteanas, damáiste nó costas de chineál ar bith a d'fhéadfadh eascairt go díreach nó go hindíreach as seo.	**Roghnaigh**

• Nach bhfuil aon eolas mothálach san iarratas seo ná in aon cháipéis thaca agus go dtuigimid gur féidir leis an Roinn scaoileadh le cuid nó le hiomlán an eolais chun críche an Achta thuasluaite.	**Roghnaigh**

Sínithe: Dáta:
Stiúrthóir (í) an Choláiste

Ba chóir an fhoirm iarratais seo agus í comhlánaithe go cuí a sheoladh chuig an seoladh a leanas: **colaistigaeilge@chg.gov.ie**

Tuilleadh eolais agus fiosruithe:
Rannóg na gColáistí Gaeilge
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Na Forbacha
Co na Gaillimhe

Tel: 091 503700
www.chg.gov.ie

Conas an fhoirm a líonadh

Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, caithfidh tú gach cuid den fhoirm tairisceana seo a chomhlánú. Mura ndéanann tú é sin. Ba chóir cloí leis an méid seo a leanas agus an fhoirm seo á comhlánú:

- Ná húsáid ACH **Microsoft Word** nó an ríomhchlár coibhéiseach foinse oscailte **OpenOffice Writer** chun an fhoirm seo a chomhlánú. Má úsáidtear aon ríomhchlár eile chun an fhoirm a líonadh isteach déanfar an doiciméad a thruailliú agus ní bheifear in ann é a uaslódáil.
- Má tá tú ag úsáid OpenOffice bain úsáid as http://openoffice.org amháin. Bogearra saor in aisce atá ann agus is féidir é a íoslódáil agus a shuiteáil go tapa.
- Ná hathraigh aon cheann de na socruithe slándála ar an bhfoirm.
- Ná sábháil an fhoirm ACH i bhformáid .doc nó .docx. Má shábháiltear an fhoirm mar chineál comhaid eile i dtús báire, déanfar an doiciméad a thruailliú agus ní bheifear in ann é a uaslódáil. Má thugtar rogha duit in OpenOffice sábháil san fhormáid reatha nó i bhformáid ODF, caithfidh tú "Keep Current Format" a roghnú.

Iontráil d'inneachar ar an bhfoirm mar seo a leanas:

Ticbhoscaí	• Cliceáil ar bhosca chun tic a chur ann; cliceáil air arís chun an tic a bhaint. • Ná sáraigh uaslíon na dticbhoscaí atá léirithe ar an bhfoirm.
Réimsí téacs	• Cliceáil ar an mbosca liath laistigh de gach réimse freagra chun do théacs nó d'fhigiúirí a iontráil. • **Microsoft Word:** cuir téacs isteach sa bhosca liath go díreach. • **OpenOffice Writer:** cliceáil ar an mbosca liath agus cuir do théacs isteach sa réimse ionchuir a thagann aníos.
Teorainneacha focal	• Léirítear teorainn focal nach bhfuil ann ach buille faoi thuarim i gcás roinnt ceisteanna.
Táblaí	• Cliceáil ar an mbosca liath laistigh de gach cill sa tábla chun téacs agus figiúirí a iontráil. • Iontráil dátaí san fhormáid (lá,mí,bliain) *ll/mm/bbbb* – mar shampla, 21/09/2015.